C/2025/5291

30.9.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bheidh faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1973 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1974 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

(C/2025/5291)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1973 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle [3], arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1974 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ainmnithe, chinn sí gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 agus i Rialachán (AE) 2019/1716.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1974, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 31 Bealtaine 2026, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críche athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2019/1720, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1973 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, sa cheathrú agus sa séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L 262, 15.10.2019, lch. 58.
(2) IO L, 2025/1973, 30.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1973/oj.
(3) IO L 262, 15.10.2019, lch. 1.
(4) IO L, 2025/1974, 30.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1974/oj.